2024/853

18.3.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/853 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Márta 2024

lena nglactar le hiarraidh arna cur isteach ag Ríocht na Spáinne de bhun Airteagal 7(4) de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le neamhchur i bhfeidhm sealadach phointe 7.3.1.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún le haghaidh líne 502 idir Cáceres agus Valencia de Alcántara

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 1571)

(Is é an téacs Spáinnise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach ([1]), agus Airteagal 7(4) de go háirithe,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Eanáir 2023, i gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Threoir (AE) 2016/797, chuir an Spáinn iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin maidir le neamhchur i bhfeidhm sealadach phointe 7.3.1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún ([2]) i gcás suiteáil GSM-R (Córas Domhanda do Chumarsáid Mhóibíleach – Iarnród) ar líne 502 idir Cáceres (pointe ciliméadair 332 + 529) Arroyo de Malpartida, Valencia de Alcántara agus pointe ciliméadair 428 + 500, ar feadh 88 km ar an iomlán ar líne den leithead Ibéarach (an tionscadal). Bhí comhad ag gabháil leis an iarraidh ina raibh an bonn cirt leis an iarraidh agus ina sonraítear na forálacha malartacha atá sé beartaithe ag an mBallstát a chur i bhfeidhm. Bhí an comhad iomlán nuair a cuireadh sainchomhad comhlántach leis an 16 Meitheamh 2023 ar éileamh an Choimisiúin.

(2) Tar éis chur isteach na hiarrata, aisghaireadh Rialachán (AE) 2016/919 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún ([3]). Ó thaobh substainte de, glacann pointe 7.3.1.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 chuige an ceanglas maidir le suiteáil GSM-R a leagtar síos i bpointe 7.3.1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas gur iarraidh ar neamhchur i bhfeidhm sealadach phointe 7.3.1.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 é an iarraidh bhunaidh.

(3) Is líne ísealtráchta í Líne 502 idir Cáceres agus Valencia de Alcántara, líne ar a dtéann traein amháin siar agus aniar gach dhá lá. Nuair a cuireadh an iarraidh isteach, ní raibh aon iarraidh ar thuilleadh traenacha a oibriú ar an líne sin. Is cuid de ghréasán cuimsitheach na hEorpa í an líne agus níl coinne leis go suiteálfar an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) uirthi roimh 2040.

(4) Baineann an iarraidh le hathnuachan an trealaimh taobh riain atá feistithe le ASFA analógach (córas aicme B) agus le córas bloc teileafóin agus nach bhfuil feistithe le córas radachumarsáide faoi láthair. Áirítear leis an tionscadal suiteáil córais bloc uathoibríoch, athnuachan na gcóras comhghlasála, agus suiteáil córas cumarsáide nua atá bunaithe ar chórais chumarsáide Satailíte agus GSM (tráchtáil). Tá coinne leis go gcuirfear i mbun seirbhíse é faoi mhí na Nollag 2025.

([1]) IO L 138, 26.5.2016, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/797/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2016 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais 'um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht' an chórais iarnróid san Aontas Eorpach (IO L 158, 15.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/919/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2023 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/919 (IO L 222, 8.9.2023, lch. 380, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1695/oj).

(5) Cuirtear an iarraidh isteach ar bhonn Airteagal 7(1), pointe (c), de Threoir (AE) 2016/797, is é sin an easpa inmharthanacht eacnamaíoch a bhaineann leis an trealamh taobh riain a chur i mbun seirbhíse faoi mhí an Mheithimh 2026, lena n-áirítear córas cumarsáide ag a bhfuil teicneolaíocht GSM-R mar a leagtar amach i bpointe 7.3.1.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695.

(6) Ní féidir castacht an GSM-R agus an costas suiteála gaolmhar a amúchadh ar línte a bhfuil éileamh an-íseal orthu, mar is amhlaidh i gcás líne 502. Léirítear le staidéar costais an tionscadail go mbeadh an costas ar shuiteáil an réitigh GSM-R 26 huaire níos airde ná an réiteach a mhol an t-iarratasóir ar deiridh (os cionn 4 mhilliún euro i gcomparáid le 0,150 milliún euro). Ní féidir bonn cirt a thabhairt leis an gcostas sin, i bhfianaise thrácht íseal na líne. 2 %, sin é costas cothabhála an réitigh atá beartaithe i gcomparáid le suiteáil GSM-R.

(7) Mar fhorálacha malartacha, tá sé beartaithe ag údaráis na Spáinne córais satailíte agus córais GSM (tráchtáil) a úsáid le haghaidh cumarsáid oibriúcháin (lena n-áirítear leaganacha GSM a bheidh ann amach anseo). Tá an réiteach sin i gcomhréir leis an Staidéar Indéantachta i ndáil le Cumarsáid Satailíte le haghaidh cumarsáid iarnróid, a rinne Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA) ([4]) in 2016 agus a scrúdaíodh i Meitheal Fheidhmiúil FRMCS (an córas todhchaíochta um chumarsáid mhóibíleach iarnróid) agus sa Ghrúpa Ailtireachta agus Teicneolaíochta, Feabhra 2020.- Cás 6 (Úsáid Cumarsáide Satailíte). Rinne údaráis na Spáinne staidéar ar úsáid na cumarsáide satailíte freisin i ngréasáin ísealtráchta agus bhí torthaí tástála na cumarsáide satailíte don stráice Cáceres – Valencia de Alcántara sásúil.

(8) Ba cheart a mheas go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(1), pointe (c), agus in Airteagal 7(4) de Threoir (AE) 2016/797 comhlíonta i gcás líne 502 idir Cáceres (pointe ciliméadair 332 + 529), Arroyo de Malpartida, Valencia de Alcántara agus pointe ciliméadair 428 + 500. Dá bhrí sin, ba cheart glacadh leis an iarraidh a chur an Spáinn isteach maidir le neamhchur i bhfeidhm sealadach phointe 7.3.1.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695, agus an neamhchur i bhfeidhm sin á mhaolú trí chóras cumarsáide Satailíte agus GSM (tráchtáil, agus lena n-áirítear leaganacha a bheidh ann amach anseo) a shuiteáil.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Threoir (AE) 2016/797,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Glactar leis an iarraidh ón Spáinn maidir le neamhchur i bhfeidhm sealadach phointe 7.3.1.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ar stráice de líne 502 de ghréasán iarnróid na Spáinne, laistigh de na teorainneacha geografacha idir Cáceres (pointe ciliméadair 332 + 529), Arroyo de Malpartida, Valencia de Alcántara agus pointe ciliméadair 428 + 500.

Airteagal 2

Scoirfidh an Cinneadh seo d'fheidhm a bheith aige ón dáta a bheidh úsáid FRMCS nó córais raidió nua-aimseartha choibhéisigh eile éigeantach do ghréasán iarnróid cuimsitheach na hEorpa.

Airteagal 3

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

([4]) https://www.era.europa.eu/system/files/2022-11/Study%20on%20feasibility%20of%20satcom%20for%20railway%20applications%20by%20INDRA_ALG.pdf

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Adina-Ioana VĂLEAN
Comhalta den Choimisiún